Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2016**
**(OR. en)**

**13342/16**

**ENV 660**
**CLIMA 140**
**AGRI 553**
**IND 213**
**PROCIV 69**
**RELEX 845**
**MED 51**
**DEVGEN 223**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Deireadh Fómhair 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12681/16 ENV 614 CLIMA 121 AGRI 508 IND 202 PROCIV 62 RELEX 802 MED 45 DEVGEN 208 |
| Ábhar: | Bainistiú Inbhuanaithe Uisce<br>- Conclúidí ón gComhairle (17 Deireadh Fómhair 2016) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Bainistiú Inbhuanaithe Uisce, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3491ú cruinniú a bhí aici ar an 17 Deireadh Fómhair 2016.

**IARSCRÍBHINN**

**Bainistiú Inbhuanaithe Uisce**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

AG MEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle i ndáil le taidhleoireacht an Aontais Eorpaigh maidir le huisce an 22 Iúil 2013[1]; maidir le Treoirphlean chun acmhainní uisce na hEorpa a choimirciú an 17 Nollaig 2012 [2]; maidir le cosaint na n-acmhainní uisce agus bainistiú comhtháite inbhuanaithe uisce san Aontas Eorpach agus lastall den 21 Meitheamh 2011 [3]; maidir le bainistiú comhtháite tuilte laistigh den Aontas Eorpach an 12 Bealtaine 2011 [4]; maidir le ganntanas uisce, triomach agus oiriúnú don athrú aeráide an 11 Meitheamh 2010 [5]; maidir le ganntanas Uisce agus triomaigh an 30 Deireadh Fómhair 2007 [6]; agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach an 20 Meitheamh 2016 [7];

AG MEABHRÚ DI príomhionstraimí reachtacha an Aontais maidir le beartas uisce, go háirithe Chreat-Treoir Uisce an Aontais Eorpaigh (CTU)[8], an Treoir maidir le Tuilte (FD)[9] agus an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD) [10];

AG MEABHRÚ DI Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020 'Sinn ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid' [11], agus an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha [12], agus go háirithe na forálacha atá iontu maidir le huisce;

AG MEABHRÚ DI na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Athbhreithniú Meántéarmach ar Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais go dtí 2020 an 16 Nollaig 2015 [13], agus go háirithe na saincheisteanna a bhaineann le huisce úr agus leis an mbithéagsúlacht mhuirí;

---

1 12493/13.
2 17872/12.
3 11308/11.
4 9241/11 + COR 1.
5 11061/10.
6 13888/07.
7 10518/16.
8 Treoir 2000/60/CE an 23 Deireadh Fómhair 2000 (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).
9 Treoir 2007/60/CE an 23 Deireadh Fómhair 2007 (IOAE L 288, 6.11.2007, lch. 27).
10 Treoir 2008/56/CE an 17 Meitheamh 2008 (IOAE L 164, 25.6.2008, lch. 19).
11 Treoir 1386/2013/AE an 20 Samhain 2013 (IOAE L 354, 28.12.2013, lch. 171).
12 Treoir 2010/75/AE an 24 Samhain 2010 (IOAE L 334, 17.12.2010, lch. 17).

AG MEABHRÚ DI Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) atá ann agus AG LEAGAN BÉIME DI ar na forálacha atá ann a bhaineann le huisce, go háirithe SFI 6 (Rochtain agus bainistiú inbhuanaithe ar uisce agus ar an tsláintíocht á áirithiú do gach duine), SFI 13 (Gníomhaíocht a dhéanamh láithreach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus leis an tionchar atá aici), SFI 14 (Na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe le haghaidh forbairt inbhuanaithe) agus ar na spriocanna gaolmhara a ghabhann leo;

AG MEABHRÚ DI Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí 2015-2030, lena ndírítear *inter alia* ar theacht aniar na sochaí agus an chomhshaoil a mhéadú, agus Prionsabail ECFE maidir le Rialachas Uisce a bhí mar dhíol sásaimh do Chruinniú de chuid na Comhairle Aireachta ECFE an 4 Meitheamh 2015;

IS DÍOL SÁSAIMH DI teacht i bhfeidhm Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cúrsaí Uisce agus gur ionstraim dhomhanda anois é [14]Coinbhinsiún CENAE maidir le hUisce[15]; AG AITHINT DI an ról luachmhar atá ag an dá Choinbhinsiún chun bainistiú inbhuanaithe uisce trasteorann a chur chun cinn agus a éascú; agus AG LEAGAN BÉIME DI ar ról na gCoinbhinsiún Mara maidir le MFSD a chur chun feidhme;

AG MEABHRÚ DI an toradh a bhí ar an 7ú Fóram maidir le hUisce an Domhain, lenar aithníodh *inter alia* an géarghá atá ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le huisce ar bhealach inbhuanaithe[16], chomh maith leis an Tuarascáil 2016 ón bhFóram Domhanda Eacnamaíoch ar Riosca Domhanda, lena n-áirítear uisce sa tríú háit de na deich rioscaí is mó a d'fhéadfadh tionchar diúltach suntasach a imirt ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar;

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

1. AITHNÍONN SÍ go bhfuil uiscí an Aontais Eorpaigh faoi bhrú de bharr *inter alia* truailliú uisce, an méadú atá ar an éileamh ar uisce agus de bharr an luas atá faoi thionchar úsáid na talún agus faoi thionchar athrú aeráide agus a dhéine atá na tionchair sin, rud a dhéanann dochar don tslándáil uisce agus a mhéadaíonn drochéifeachtaí an triomaigh agus an ghanntanais uisce, go háirithe i limistéar na Meánmhara ach i limistéir eile de chuid an Aontais freisin;

---

13 14950/15.

14 Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na nÚsáidí Neamh-Loingseoireachta de Shruthchúrsaí Idirnáisiúnta (1997).

15 Coinbhinsiún de chuid CENAE maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta (1992).

16 Dearbhú Aireachta a glacadh ag an 7ú WWF an 13 Aibreán 2015 in Gyeongju, Poblacht na Cóiré.

2. AITHNÍONN SÍ gur féidir leis an athrú aeráide agus le héifeacht an mhéadaithe ar dheascadh trom, chomh maith le dian-úsáid talún, tulcaí a chruthú agus patrúin fheiniméin na dtuilte a athrú ar fud na hEorpa;

3. AITHNÍONN SÍ, cé go roinntear cion ard na n-abhantrach san Aontas idir dhá Bhallstát nó níos mó, go bhfuil tíreolaíocht fhisiciúil, comhshaol agus dálaí aeráide ag réigiúin an Aontais atá éagsúil óna chéile agus a imríonn tionchar ar gach gné den tsochaí agus den gheilleagar, lena n-áirítear bainistiú uisce; CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur gá solúbthacht a bheith ann sna bearta d'fhonn spriocanna bheartas uisce an Aontais a bhaint amach; agus AITHNÍONN SÍ, ós rud é nach ann d'aon réiteach amháin, gur cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh a bheidh in oiriúint do riachtanais agus coinníollacha atá sonrach, agus reachtaíocht an Aontais á hurramú ag an am céanna;

4. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur gá beartas uisce an Aontais atá ann cheana a chur chun feidhme go hiomlán ar bhealach comhleanúnach agus éifeachtach agus cuspóirí acquis uisce an Aontais a bhaint amach agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcosnófar uiscí i gcoinne meath ar a stádas agus go ndéanfar soláthar leordhóthanach uisce ar ardchaighdeán a áirithiú don phobal agus le haghaidh gach úsáid inbhuanaithe eile uisce, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh

- úsáid inbhuanaithe uisce a chur chun cinn bunaithe ar chosaint agus bainistiú iomchuí ar acmhainní uisce, lena gcuirtear gnéithe cainníochtúla agus cáilíochtúla san áireamh;
- na dobharlaigh uile a chosaint agus stádas maith a thabhairt de réir a chéile dóibh, i gcomhréir le príomhchuspóirí CTU;
- bealaí cur chuige níos comhtháite agus níos éifeachtaí a chur chun cinn maidir le bailiú agus cóireáil fuíolluisce uirbigh;

5. IS MÓR AICI an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus AITHNÍONN SÍ na dúshláin atá romhainn chun cuspóirí bheartas uisce an Aontais agus dea-stádas uisce uile an Aontais a bhaint amach; CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR an tábhacht a bhaineann le comhleanúnachas beartais i ndáil leis an méid sin; Agus CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur cheart cuspóirí bheartas uisce an Aontais, lena n-áirítear úsáid inbhuanaithe agus bainistiú uisce a chomhtháthú níos fearr i mbeartais ábhartha eile amhail bia, talmhaíocht, iascach, fuinneamh, iompar, tionscal, pleanáil spásúlachta, forbairt uirbeach agus turasóireacht ar gach leibhéal, agus i sásraí airgeadais ábhartha de chuid an Aontais freisin;

6. IARRANN SÍ ar na Ballstáit cothromaíocht a lorg idir bonneagar glas agus bonneagar teicniúil nuair a roghnaíonn siad na bealaí agus na modhanna chun cuspóirí bheartas uisce an Aontais a bhaint amach; CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhféadfar acmhainn stórála uisce tírdhreacha, ithreach agus uiscíoch a chosaint agus a threisiú, lena laghdófaí riosca tuilte agus lena gcuirfí feabhas ar stádas uisce ach úsáid a bhaint as bonneagar glas amhail uisce nádúrtha a choinneáil; Agus AITHNÍONN SÍ go mb'fhéidir go mbeidh gá le bearta bonneagar teicniúil chun déileáil le triomach agus tuilte;

7. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe (SCP) agus leis an ngeilleagar ciorclach mar mhodh chun úsáid agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear uisce agus acmhainní i bhfuíolluisce, a bhaint amach; agus CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur réamhriachtanais iad bainistiú inbhuanaithe uisce agus bainistiú fónta abhantraí le geilleagar ciorclach a bhaint amach;

8. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go laghdódh earnálacha eacnamaíocha agus saoránaigh an Aontais a dtomhaltas uisce ar bhealach inbhuanaithe agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit bearta a chur chun feidhme i gcás inarb iomchuí chun úsáid éifeachtúil uisce a chur chun cinn sna hearnálacha eacnamaíocha uile is ábhartha, tríd an méid seo a leanas *inter alia*:
   - A áirithiú go gcuirfear dóthain dreasachtaí ar fáil d'úsáideoirí chun acmhainní uisce a úsáid go héifeachtúil tríd na beartais maidir le praghsáil uisce;
   - Infheistíocht a dhéanamh chun caillteanais agus sceitheadh uisce a laghdú;
   - Feabhas a chur ar na córais le haghaidh leithdháileadh uisce, lena n-áirítear cuntais uisce a chur chun feidhme;
   - Bonneagar comhlántach soláthair uisce a chruthú agus a fhorbairt, agus bearta ábhartha chun ganntanas uisce agus triomaigh a chosc agus oiriúnú a dhéanamh dá réir á gcur san áireamh chomh maith le héifeachtúlacht uisce agus bainistiú éileamh uisce a chur chun cinn;
   - Teicneolaíochtaí agus cleachtais nuálacha a chur chun cinn lena gcumasaítear úsáid agus athúsáid inbhuanaithe agus éifeachtúil uisce, lena n-áirítear do chóras uisciúcháin, do chúrsaí talmhaíochta, tionscail agus turasóireachta;
   - úsáid uirlisí costála saolré a chur chun cinn, lena n-áirítear tríd an soláthar poiblí;

– Feasacht úsáideoirí a mhéadú maidir leis an ngá atá ann úsáid uisce a bharrfheabhsú, lena neartófar cultúr na spárála uisce;
– Eolas a dhoimhniú agus feabhas a chur ar bhailiú agus ar anailís sonraí, lena n-áirítear maidir le tionchar an athraithe aeráide agus maidir le córais luathrabhaidh;
– Feabhas a chur ar rialachas uisce ar scálaí na n-abhantrach ar scálaí áitiúla;

9. CUIREANN SÍ IN IÚL go bhféadfadh an athúsáid uisce, mar aon le bearta eile chun uisce a shábháil agus a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla, a bheith ina huirlis thábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas uisce agus chun oiriúnú don athrú aeráide mar chuid de bhainistiú comhtháite uisce; IARRANN SÍ ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun cleachtais maidir le huisce a athúsáid a chur chun cinn, agus dálaí réigiúnacha á gcur san áireamh i gcás inarb iomchuí agus ag an am céanna, ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine agus don chomhshaol, ós rud é go mbaineann sochair le hathúsáid uisce i dtéarmaí coigiltis eacnamaíocha, cosaint an chomhshaoil, spreagadh infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua agus poist ghlasa a chruthú; CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhféadfar fuíolluisce uirbeach dea-chóireáilte a athúsáid chun críocha éagsúla in earnáil na talmhaíochta, chun críocha tionsclaíocha, san fhorbairt inbhuanaithe uirbeach agus chun éiceachórais a chosaint; Agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún togra a thíolacadh in 2017 maidir le ceanglais íosta cháilíochta le haghaidh athúsáid uisce san Aontas;

10. CUIREANN SÍ i bhFÁTH gur gnéithe bunriachtanacha den fhorbairt inbhuanaithe iad an phleanáil fhónta uisce agus an bainistiú inbhuanaithe uisce i ndáil le habhantracha, le riosca tuilte agus triomaigh, agus dá bharr sin go bhfuil gá le rannpháirtíocht éifeachtach ó na geallsealbhóirí uile, ní hamháin ó na rialtais ach ón tsochaí shibhialta, taighdeoirí agus an earnáil phríobháideach freisin;

11. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil na huiscí muirí agus cósta faoi réir brú ar muir agus ar an talamh freisin agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit Cláir Beart faoi MSFD atá uaillmhianach agus comhsheasmhach le Clár na mbeart atá in CTU, agus leis na Pleananna Bainistíochta Abhantraí (PBAnna), chomh maith leis Pleananna chun Baol Tuilte a Bhainistiú (PBTBanna), a thíolacadh agus a chur chun feidhme a luaithe is féidir, lena ndéanfar dul chun cinn i dtreo dea-stádas comhshaoil na n-uiscí muirí a bhaint amach faoi 2020;

12. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go neartófaí comhar uisce trasteorann ar bhonn na coimhdeachta, na comhréireachta agus na cómhalartachta laistigh den Aontas agus idir an tAontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas, agus le Coimisiúin Abhainn, Abhantraí agus Mhuirí agus gníomhaithe ábhartha eile a bhíonn ag plé le húsáid agus le bainistiú inbhuanaithe uisce, le ganntanas uisce, le triomaigh agus le tuilte;

13. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit

- oibriú le chéile chun ionstraimí, beartais reachtacha agus neamhreachtacha an Aontais a bhaineann le huisce agus na caighdeáin atá ann cheana a chur chun feidhme ar bhealach comhleanúnach;
- bealaí cur chuige nuálacha spriocdhírithe atá bunaithe ar an eolaíocht a úsáid, d'fhonn úsáid agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní uisce a áirithiú agus d'fhonn stádas na timpeallachta uiscí laistigh den Aontas a chosaint agus a fheabhsú;

14. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le hidirghníomhaíocht agus comhleanúnachas éifeachtúil idir Treoracha maidir le beartas uisce;

15. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gurb iad CTU agus FB na príomhuirlisí atá ann a bhaineann le huisce chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an athraithe aeráide ar chainníocht agus ar cháilíocht an uisce agus chun na bearta oiriúnaithe a chur chun feidhme;

16. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar CTU in 2019 agus gur beag ama atá ar fáil don ullmhúchán dá bharr sin; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún oibriú leis na Ballstáit chun roghanna a fhorbairt, i bhfad roimh an athbhreithniú ar CTU in 2019, in am trátha agus a bheidh fónta ó thaobh an dlí de chun cur chun feidhme leanúnach agus uaillmhianach ar bhonn náisiúnta a chumasú faoi 2027 agus ina dhiaidh sin, agus na dúshláin reatha agus nua maidir le pleanáil bainistithe uisce á gcur san áireamh.